# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 356

Imleabhar 65

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

16 Meán Fómhair 2022

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 356/01 Rátaí malairte an euro — 15 Meán Fómhair 2022 ..... 1

2022/C 356/02 Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ..... 2

FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

2022/C 356/03 Modhnú ar Ghrúpáil Eorpach um Chomhar Críochach (GECC) ..... 3

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 356/04 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10889 – CNP / CVA) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 4

2022/C 356/05 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10766 — DANSKE BANK / LÄNSFŐRSÄKRINGAR BANK / NORDEA / SBAB BANK / SEB / HANDELSBANKEN / SWEDBANK / JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 6

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

IV

*(Fógraí)*

## FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** [1]

**15 Meán Fómhair 2022**

(2022/C 356/01)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 0,9992 | CAD | dollar Cheanada | 1,3172 |
| JPY | yen na Seapáine | 143,43 | HKD | dollar Hong Cong | 7,8423 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4366 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,6689 |
| GBP | punt steirling | 0,86934 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4062 |
| SEK | krona na Sualainne | 10,6900 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 397,18 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9572 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 17,5283 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 138,70 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 6,9852 |
| NOK | krone na hIorua | 10,1203 | HRK | kuna na Cróite | 7,5258 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | IDR | rupiah na hIndinéise | 14 925,35 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,518 | MYR | ringgit na Malaeisia | 4,5314 |
| HUF | forint na hUngáire | 407,15 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 57,258 |
| PLN | zloty na Polainne | 4,7273 | RUB | rúbal na Rúise | |
| RON | leu na Rómáine | 4,9238 | THB | baht na Téalainne | 36,816 |
| TRY | lira na Tuirce | 18,2477 | BRL | real na Brasaíle | 5,1837 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,4853 | MXN | peso Mheicsiceo | 20,0021 |
| | | | INR | rúipí na hIndia | 79,7119 |

[1] *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

**Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh**

(2022/C 356/02)

De bhun Airteagal 9(1)(a) de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear leis seo na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

*Ar leathanach 379, cuirtear isteach an nóta míniúcháin seo a leanas:*

**“8711 60 10 Rothair, trírothaigh agus cuadrothair, a bhfuil troitheáil chuidithe orthu agus ar a bhfuil mótar cúnta leictreach feistithe ag a bhfuil uas-chumhacht rátaithe leantach nach mó ná 250 W**

Áirítear leis an bhfo-cheannteideal seo rothair leictreacha ag a bhfuil troitheáin, lena soláthraítear ‘móid mharcaíochta’ éagsúla ar féidir a roghnú ó na nithe seo a leanas: a) troitheáil chuidithe ag a bhfuil mód mótair leictrigh cúnta, b) mód iomlán troitheán (gan aon chabhair ón mótar leictreach) nó c) mód mótair iomlán leictrigh. Is féidir an mód a athrú, mar shampla, le haonad rialaithe a chuirtear ar hanla an rothair nó le feidhmchlár fóin póca.

**8711 60 90 Eile**

Tá feidhm ag an nóta míniúcháin a ghabhann le fo-cheannteideal 8711 60 10, *mutatis mutandis*, maidir le rothair a bhfuil troitheáil chuidithe orthu, agus ar a bhfuil mótar cúnta leictreach feistithe.”

---

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.

# FÓGRAÍ Ó BHALLSTÁIT

## Modhnú ar Ghrúpáil Eorpach um Chomhar Críochach (GECC)

(2022/C 356/03)

I. **Ainm an GECC, seoladh agus pointe teagmhála** (mar a tugtar i gclár GECC)

**An t-ainm oifigiúil:** GECT-Autorité de gestion Programme Interreg V A Grande Région

Oifig chláraithe: 4, Place de l'Europe, L-1499 Lucsamburg

**An duine atá freagrach (stiúradh):** Christiane Fortuin

**Ríomhphost:** Christiane.Fortuin@mat.etat.lu

Seoladh gréasáin na grúpála://plaines-scarpe-escaut.eu

II. **Modhnuithe maidir le hainm, stiúrthóir, oifig chláraithe, seoladh idirlín GECC**

(Mura mbaineann an pointe seo le do chás féin, ar aghaidh leat go dtí an chéad phointe eile.)

Modhnú ar an ainm oifigiúil: GECT-Autorité de gestion Programmes Interreg Grande Région

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.10889 – CNP / CVA)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 356/04)

1. An 9 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CNP Assurances S.A. ("CNP", an Fhrainc), atá á rialú ag Caisse des Dépôts et Consignations ("CDC", an Fhrainc),

— CNP Vita Assicura S.p.A. ("CVA", an Iodáil), atá á chomhrialú ag CNP agus UniCredit S.p.A. ("UniCredit", an Iodáil).

Gheobhaidh CNP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar CVA ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann CNP táirgí árachais a fhorbairt, a sholáthar agus a bhainistiú ar fud an domhain. San Iodáil, tá CNP gníomhach den chuid is mó i soláthar táirgí árachais saoil,

— Is cuideachta árachais é CVA atá á chomhrialú ag CNP agus UniCredit, agus soláthraíonn sí táirgí árachais saoil san Iodáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10889 – CNP / CVA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.10766 — DANSKE BANK / LÄNSFŐRSÄKRINGAR BANK / NORDEA / SBAB BANK / SEB / HANDELSBANKEN / SWEDBANK / JV)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 356/05)

1. An 8 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Tambur, ar ardán cumarsáide digiteach é, agus a shócmhainní, sonraí agus comhaontuithe gaolmhara etc. is gá le haghaidh a oibríochtaí, atá faoi úinéireacht UC AB faoi láthair, atá á rialú ag Enento Group Plc ("Tambur", an tSualainn),

— Danske Bank A/S, Danmark, Sverige Filial ("Danske Bank", an Danmhairg),

— Länsförsäkringar Bank AB, ("Länsförsäkringar Bank", an tSualainn),

— Nordea Bank Abp ("Nordea", an Fhionlainn),

— SBAB Bank AB (publ) ("SBAB Bank", an tSualainn),

— Skandinaviska Enskilda Banken AB (publ) ("SEB", an tSualainn),

— Svenska Handelbanken AB (publ) ("Handelbanken", an tSualainn),

— Swedbank AB (publ) ("Swedbank", an tSualainn).

Gheobhaidh Danske Bank, Länsförsäkringar Bank, Nordea, SBAB Bank, SEB, Handelsbanken agus Swedbank rialú comhpháirteach ar Tambur ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ardán cumarsáide digiteach é Tambur a thacaíonn le bainc agus le gníomhairí eastáit réadaigh i margadh na Sualainne i dtaca lena bpróisis idirbheart réadmhaoine cónaithe.

— Is cuideachta seirbhísí airgeadais atá lonnaithe sa Danmhairg é Danske Bank. Tá Danske Bank gníomhach i mbaincéireacht mhiondíola agus mhórdhíola, scéimeanna pinsin, árachas, airgeadas morgáiste, bainistíocht sócmhainní, bróicéireacht, eastát réadach, agus seirbhísí léasaithe; go príomha sna tíortha Nordacha agus i dtíortha eile i dTuaisceart na hEorpa.

— Is cuideachta seirbhísí airgeadais atá lonnaithe sa tSualainn é Länsförsäkringar Bank a thairgeann seirbhísí sa tSualainn. Cuireann Länsförsäkringar Bank seirbhísí airgeadais ar fáil do chustaiméirí corparáideacha miondíola, talmhaíochta agus FBManna, lena n-áirítear iasachtaí, coigilteas, seirbhísí comhairleacha, taiscí, seirbhísí cuntais agus íocaíochtaí agus táirgí pinsin. Tá Länsförsäkringar Bank gníomhach i léasú/fruilcheannach trí fhochuideachta freisin.

— Banc atá lonnaithe san Fhionlainn is ea Nordea, a chuireann réimse iomlán seirbhísí ar fáil laistigh de na ceithre phríomhréimse gnó: baincéireacht phearsanta, baincéireacht ghnó, corparáidí agus institiúidí móra, chomh maith le bainistiú sócmhainní agus rachmais; go príomha sna ceithre mhargadh baile Nordacha – an Danmhairg, an Fhionlainn, an Iorua agus an tSualainn.

— Is banc Sualannach faoi úinéireacht stáit é SBAB Bank a fheidhmíonn i margadh iasachtaí tithíochta na Sualainne, atá dírithe ar dhaoine aonair, ar chomhlachais tionóntaí agus ar chuideachtaí. Cuireann SBAB Banc táirgí coigiltis agus iasachtaí neamhurraithe ar fáil freisin.

— Banc atá lonnaithe sa tSualainn is ea SEB, a thairgeann réimse iomlán seirbhísí airgeadais do chustaiméirí príobháideacha agus corparáideacha, lena n-áirítear baincéireacht infheistíochta, baincéireacht mhiondíola agus mhórdhíola, iasachtaí, coigilteas, árachas, iasachtaí morgáiste, bainistíocht sócmhainní agus infheistíochta, seirbhísí comhairleacha, agus léasú; go háirithe sna tíortha Nordacha, sna tíortha Baltacha agus sa Ghearmáin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

— Banc atá lonnaithe sa tSualainn is ea Handelsbanken, a thairgeann réimse iomlán seirbhísí airgeadais, lena gcumhdaítear an réimse baincéireachta ina iomláine, lena n-áirítear idirbhearta corparáideacha traidisiúnta, baincéireacht agus trádáil infheistíochta, chomh maith le baincéireacht mhiondíola, árachas saoil san áireamh; go háirithe sna tíortha Nordacha, sa Ríocht Aontaithe agus san Ísiltír.

— Banc atá lonnaithe sa tSualainn is ea Swedbank, a thairgeann réimse iomlán seirbhísí airgeadais do chustaiméirí miondíola agus corparáideacha agus don earnáil phoiblí, lena n-áirítear iasachtaí, coigilteas, seirbhísí comhairleacha, taiscí, seirbhísí cuntas agus íocaíochtaí agus táirgí pinsin; go príomha sna tíortha Nordacha agus sna tíortha Baltacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10766 — DANSKE BANK / LÄNSFŐRSÄKRINGAR BANK / NORDEA / SBAB BANK / SEB / HANDELSBANKEN / SWEDBANK / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA